CEACHT 6

BÁD A D'IMIGH



Pictiúr: Radharc:

(a) Lá breá fómhair (duilleoga ag titim ar an talamh), an ghrian ag taitneamh, Daidí, Seán agus Úna ag siúl sa pháirc; loch, lachain, an bád ar snámh sa loch le cur sa chiorcal cainte de réir bhrí na cainte; Seán agus Úna agus a mbróga bainte díobh, téad á ceangal den bhád, an téad bhriste, an bád ar snámh amuigh i lár an locha.

Céim 4: Long, eala (Ceacht 1), maide, cleite (Ceacht 1), bullán, cuach (Ceacht 8), leitís, ag fiach, iascaire (Ceacht 4).

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Lá fómhair a bhí ann. Bhí Seán agus Úna ag siúl sa pháirc. Bhí Daidí in éineacht leo.

Agallamh

ÚNA: Féach (ar) an loch, a Dhaidí. Tá lachain ag snámh ann.
SEÁN: Tar linn, a Dhaidí. Cuirfimid an bád ar snámh ann.
DAIDÍ: Ceart go leor. Ná téigí amach rófhada.

A

Cuntas Reatha

Bhain na leanaí (díobh) a mbróga díobh. Cheangail siad téad den bhád.

Tharraing Seán an téad. Bhris sé an téad. Amach leis an mbád go lár an locha.

Agallamh

ÚNA AGUS SEÁN: A Dhaidí, tá an bád caillte.
DAIDÍ: Ná bac leis. Déanfaidh mé ceann eile.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);
(b) Spreaghthaigh chluas:

Cén sórt lae a bhí ann?
Cé a bhí ag siúl sa pháirc?
An raibh aon duine in éineacht leo?
A "Úna", abair le Daidí féachaint ar an loch.
Céard atá ag snámh ann?
Céard a deir tusa le Daidí, a "Sheáin"?
Agus céard faoin mbád?
An bhfuil sé sin ceart go leor, a "Dhaidí"?
Abair leo gan dul amach rófhada.
Céard (Cad) a rinne na leanaí?
Céard faoin téad?
Céard a rinne Seán leis an téad?
Cad a tharla?
Cá ndeachaigh an bád?
A "Úna" agus a "Sheáin", céard a deir sibh faoin mbád anois?
Céard a deir tú leo a Dhaidí? Agus cad a dhéanfaidh tú?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Tá **lachain** ag **snámh** ann.
   (cuach/can; gaoth/séid; bradán/léim; leitís/fás; madra/fiach; iascaire/iascaireacht).